Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 15 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12792/25**

**LIMITE**

**CLIMA 336**
**ENV 831**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Ráiteas intinne ón Aontas i bhfianaise na haighneachta ón Aontas maidir le rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta (NDC) arna chur faoi bhráid Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)<br>– Formheas |

1. Mar Pháirtithe i gComhaontú Pháras, meastar go gcuirfidh an tAontas Eorpach (AE) agus a Bhallstáit a rannchuidiú nua arna chinneadh go náisiúnta (NDC) isteach do 2035 a luaithe is féidir. I bhfianaise COP30 in Belém, bunaithe ar na NDCanna a thíolaic na Páirtithe i gComhaontú Pháras faoin 30 Meán Fómhair 2025, ullmhóidh Rúnaíocht UNFCCC Tuarascáil Sintéise NDC, ina ndéanfar achoimre ar leibhéal na ngealltanas domhanda aeráide i ndáil le sprioc Chomhaontú Pháras an méadú ar an meánteocht dhomhanda a theorannú go 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch.

2. Thug Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe cuireadh d'ionadaithe an Aontais, mar aon le páirtithe eile i gComhaontú Pháras, a NDCanna nua a fhógairt roimh COP30 ag Cruinniú Mullaigh Aeráide an 24 Meán Fómhair ar imeall Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua Eabhrac.

3. D’ullmhaigh Uachtaránacht na Danmhairge agus an Coimisiún Eorpach dréacht-téacs NDC a chuireann leis an obair a rinne Uachtaránacht na Polainne. De réir dréacht-téacs an NDC, tiocfaidh NDC iar-2030 an Aontais ón gcomhaontú maidir le sprioc aeráide 2040 an Aontais sa togra lena leasaítear Dlí Aeráide an Aontais.

4. An 12 Meán Fómhair, d’ullmhaigh Coreper an cruinniú den Chomhairle Comhshaoil an 18 Meán Fómhair. Is éard a bhí i gceist leis sin scrúdú a dhéanamh ar an togra le haghaidh Dlí Aeráide leasaithe de chuid an Aontais d’fhonn teacht ar chur chuige ginearálta an 18 Meán Fómhair[1], chomh maith le dréacht-téacs an NDC ón Aontas [2] d’fhonn é a fhormheas ag cruinniú na Comhairle Comhshaoil an 18 Meán Fómhair.

5. Tar éis an phlé, tháinig an Uachtaránacht ar an gconclúid nach mbeadh an Chomhairle Comhshaoil in ann, ag an gcéim seo, teacht ar chomhaontú maidir le sprioc aeráide 2040 i nDlí Aeráide leasaithe an Aontais agus go gcuirfidh sí bailchríoch ar a seasamh ag céim níos faide anonn. Fágann sé sin go bhfuil an cheist maidir leis an NDC a thíolacadh fós oscailte.

6. Sa phlé, mhol grúpa Ballstát go mbeadh dlúthnasc leanúnach ann idir sprioc 2040 an Aontais agus NDC an Aontais. Ar an taobh eile de, mhol grúpa eile Ballstát NDC sealadach a sheoladh chuig UNFCCC, chun go gcuirfeadh an tAontas NDC i gcrích in am do Chruinniú Mullaigh Aeráide na Náisiún Aontaithe agus roimh an spriocdháta do thuarascáil sintéise na NDCanna.

7. Chun an bhearna idir na tuairimí éagsúla sin a líonadh agus chun cur ar chumas an Aontais a ról ceannaireachta a choinneáil sa chaibidlíocht idirnáisiúnta maidir leis an aeráid roimh COP30, molann an Uachtaránacht comhréiteach i bhfoirm Ráiteas Intinne i bhfianaise thíolacadh NDC iar-2030 de chuid an Aontais. D’áiritheofaí leis sin gur féidir leis an Aontas leas a bhaint as an gCruinniú Mullaigh Aeráide chun a bhfuil ar intinn aige a chur i láthair maidir le tíolacadh NDC.

---

1 12437/25

2 12439/25

8. Léirítear sa togra le haghaidh Ráiteas Intinne staid an chreata reachtaigh aeráide atá ag an Aontas faoi láthair agus staid an phlé maidir lena fhorbairt amach anseo. Mínítear ann go meastar go n-áireofaí in NDC iar-2030 an Aontais sprioc tháscach do 2035 bunaithe ar an raon idir conair líneach tháscach ó, ar thaobh amháin, spriocanna aeráide an Aontais do 2030 agus 2050, agus, ar an taobh eile, ón sprioc do 2030 agus ón togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh sprioc 2040 atá á phlé faoi láthair i gComhairle an Aontais Eorpaigh. Thairis sin, léirítear ann go bhfuil sé ar intinn ag an Aontas a NDC nua a chur in iúl roimh COP30.

9. Ní hionann an Ráiteas Intinne agus NDC iar-2030 an Aontais agus ní chomhlíonann sé ceanglais NDC oifigiúil. Ní chuirfí san áireamh é i gclárlann na NDCanna ná sa Tuarascáil Sintéise, toisc nach gcomhlíonfaidh sé na treoirlínte maidir le NDC. Mar sin féin, meastar, a luaithe a chomhaontófar NDC iar-2030 an Aontais agus a chuirfear in iúl do UNFCCC é, go n-áireofar é i ríomhanna Rúnaíocht UNFCCC ar réamh-mheastacháin teochta roimh COP30, mar a tharla roimhe seo. Tá an Ráiteas Intinne sin gan dochar don chomhaontú maidir le sprioc aeráide 2040 an Aontais. Is seasamh beartais de chuid an Aontais agus na mBallstát é atá faoi réir an phróisis formheasa chéanna leis an NDC.

10. Má fhormheastar é, cuirfidh Uachtaránacht na Danmhairge agus an Coimisiún Eorpach, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, ábhar an Ráitis Intinne in iúl do Rúnaíocht UNFCCC agus don Choiste um Chur Chun Feidhme agus Comhlíonadh Chomhaontú Pháras chun eolas a chur ar fáil maidir le stádas an NDC de chuid an Aontais atá ar na bacáin agus beidh sé mar bhonn don teachtaireacht ón Aontas ag Cruinniú Mullaigh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis an Aeráid an 24 Meán Fómhair, agus é ag fanacht le bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht maidir le Dlí Aeráide an Aontais.

11. I gceangal leis seo, gheobhaidh Ballstáit an Aontais an dréacht-Ráiteas Intinne. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an Ráiteas Intinne a scrúdú agus é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle lena fhormheas.

PUBLIC

PUBLIC

# RÁITEAS INTINNE Ó UACHTARÁNACHT NA DANMHAIRGE AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS ÓN gCOIMISIÚN EORPACH THAR CEANN AN AONTAIS EORPAIGH AGUS A BHALLSTÁT I bhFIANAISE A NDC IAR-2030

In 2025, táimid ag comóradh 10 mbliana ó glacadh Comhaontú Pháras. Don ócáid sin, athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas buanseasmhach do Chomhaontú Pháras, do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, agus don chomhar iltaobhach mar an t-aon bhealach éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim dhomhanda aeráide.

Measann an tAontas gur bagairt eisiach é an t-athrú aeráide ar an gcine daonna, ar éiceachórais agus ar an mbithéagsúlacht, agus ar an tsíocháin agus an tslándáil – bagairt nach féidir le haon tír, aon chríoch ná aon réigiún éalú uaidh.

Tá an tAontas ag seasamh lena ghealltanais maidir leis an aeráid. Tá spriocanna ceangailteacha leagtha síos ag an Aontas do 2030 maidir le laghdú 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) i gcomparáid le leibhéil 1990 agus maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí. Tá an tAontas ar an mbóthar ceart chun an sprioc maidir le laghdú le haghaidh 2030 a bhaint amach.

An 6 Feabhra 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht maidir le sprioc aeráide an Aontais do 2040, lena n-áirítear moladh maidir le sprioc idirmheánach do 2040, agus an chomhairle eolaíoch ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide agus measúnú tionchair mionsonraithe agus tuarascáil ar an mbuiséad carbóin á gcur san áireamh.

An 2 Iúil 2025, mhol an Coimisiún Eorpach leasú ar Dhlí Aeráide an Aontais, lena leagtar amach sprioc cheangailteach ó thaobh dlí de maidir le laghdú ar ghlanastaíochtaí GCT an Aontais faoi 2040, lena n-áirítear rannchuidiú teoranta féideartha de chreidmheasanna idirnáisiúnta ardcháilíochta faoi Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras. An 18 Meán Fómhair 2025, phléigh Comhairle Comhshaoil an Aontais an t-ábhar ach níl a seasamh maidir leis an athbhreithniú ar Dhlí Aeráide an Aontais tugtha chun críche aici go fóill, sprioc 2040 san áireamh.

Mar fhreagairt ar chinneadh 6/CMA.3 agus ar chinneadh 1/CMA.5, beidh an tAontas agus a Bhallstáit, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, ag cur isteach an chéad NDC eile de chuid an Aontais lena ngabhann sprioc tháscach 2035 maidir le glanastaíochtaí GCT a laghdú i gcás líon áirithe a mheastar a bheidh idir 66.3 pointe céatadáin agus 72.5 pointe céatadáin i gcomparáid le leibhéil 1990. Tá an méid sin bunaithe ar chonairí líneacha táscacha ó, ar thaobh amháin, spriocanna aeráide an Aontais do 2030 agus 2050, agus, ar an taobh eile, ón sprioc do 2030 agus ón togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh sprioc 2040 atá á phlé faoi láthair i gComhairle an Aontais Eorpaigh. Tá an raon sin gan dochar don chomhaontú críochnaitheach maidir le sprioc aeráide 2040 an Aontais i nDlí Aeráide an Aontais.

Tíolacfaidh Uachtaránacht na Danmhairge ar Chomhairle an Aontais agus an Coimisiún NDC an Aontais, lena n-áirítear sprioc tháscach 2035, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, roimh COP30. Beidh sprioc tháscach an Aontais do 2035 bunaithe ar chomhaontú maidir le Dlí Aeráide an Aontais, lena n-áirítear sprioc 2040 an Aontais.

Athdhearbhaíonn an tAontas agus na Ballstáit go bhfuil sé de rún daingean acu leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta le dea-shampla, gníomhaíocht uaillmhianach ar son na haeráide a chur chun cinn agus, ag an am céanna, fás inbhuanaithe, athléimneacht agus rathúnas a chothú don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht.

---

PUBLIC